*Uimhir* 8 *de* 1996

# An tAcht um Chruach na hÉireann Teoranta, 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 8 *de* 1996

# AN tACHT UM CHRUACH NA hÉIREANN TEORANTA, 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Mínithe.
2. Aisíoc airleacain chun na cuideachta a tharscaoileadh.
3. Íocaíocht ón Aire leis an gcuideachta.
4. Comhchuntas.
5. Íocaíocht le hiontaobhaithe chiste pinsin na foirne.
6. Airgead a sholáthar as an bPríomh-Chiste le haghaidh íocaíochtaí faoin Acht seo nó dá bhua.
7. Ráthaíochtaí ón Aire do leanúint i bhfeidhm.
8. Caiteachais an Aire.
9. Achtacháin a aisghairm.
10. Gearrtheideal.

AN SCEIDEAL

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 | 1995, Uimh. 24 |
| An tAcht um Ghabháltais Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1963 | 1963, Uimh. 11 |
| An tAcht um Ghabháltais Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1971 | 1971, Uimh. 4 |
| An tAcht um Ghabháltais Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1979 | 1979, Uimh. 13 |
| An tAcht um Ghabháltais Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1982 | 1982, Uimh. 13 |
| An tAcht um Ghabháltais Chruach na hÉireann Teoranta, 1960 | 1960, Uimh. 32 |
| An tAcht um Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1983 | 1983, Uimh. 17 |
| An tAcht um Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1984 | 1984, Uimh. 14 |
| An tAcht um Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1985 | 1985, Uimh. 22 |

*Uimhir* 8 *de* 1996

# AN tACHT UM CHRUACH NA hÉIREANN TEORANTA, 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN AN tAIRE FIONTAR AGUS FOSTAÍOCHTA DO DHÉANAMH ÍOCAÍOCHTAÍ ÁIRITHE AR AN AIRE AIRGEADAIS DO DHÍOL A SCAIREANNA I gCRUACH NA hÉIREANN TEORANTA AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ LE hAGHAIDH NITHE COMHGHAOLMHARA. [30 *Aibreán* 1996]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Mínithe.

**1.—**San Acht seo—

ciallaíonn "an chuideachta" Cruach na hÉireann Teoranta;

ciallaíonn "an tAire" an tAire Fiontar agus Fostaíochta;

ciallaíonn "an ceannaitheoir" an duine lena ndíolann an tAire Airgeadais a scaireanna sa chuideachta.

Aisíoc airleacain chun na cuideachta a tharscaoileadh.

**2.—**Aon airgead a airleacadh chun na cuideachta faoi alt 5 den Acht um Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1985, agus nach mbeidh aisíoctha ar an dáta a dhéanfar na scaireanna a bhí ar seilbh ag an Aire Airgeadais sa chuideachta a dhíol leis an gceannaitheoir, ní gá é a aisíoc.

Íocaíocht ón Aire leis an gcuideachta.

**3.—**Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, suim nach mó ná £15,028,500 a íoc leis an gcuideachta.

Comhchuntas.

**4.—**(1) Féadfaidh an tAire, chun críocha an ailt seo, a chur faoi deara cuntas a choimeád i bhforas creidmheasa, in ainmneacha an Aire agus an cheannaitheora i gcomhar, ar cuntas é a bhféadfaidh sé suim nach mó ná £4,617,000 a íoc isteach ann.

(2) Féadfar airgead a íoc amach as an gcuntas sin chun cibé críocha, agus de réir cibé téarmaí agus coinníollacha, a chomhaontóidh an tAire agus an ceannaitheoir.

(3) Féadfar an cuntas sin a dhúnadh cibé dáta a chomhaontóidh an tAire agus an ceannaitheoir.

(4) San alt seo, tá le "foras creidmheasa" an bhrí chéanna atá leis san Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995.

Íocaíocht le hiontaobhaithe chiste pinsin na foirne.

**5.—**(1) Féadfaidh an tAire suim £628,000 a íoc le hiontaobhaithe chiste pinsin na foirne agus ar an tsuim sin a fháil déanfaidh na hiontaobhaithe sin an tsuim sin a íoc isteach sa chiste sin.

(2) San alt seo, ciallaíonn "ciste pinsin na foirne" an ciste a bunaíodh le dintiúr dar dáta an 28ú lá de Nollaig, 1959, agus a rinneadh idir an chuideachta agus Banc na hÉireann.

Airgead a sholáthar as an bPríomh-Chiste le haghaidh íocaíochtaí faoin Acht seo nó dá bhua.

**6.**—Déanfar an t-airgead go léir a theastóidh ón Aire faoi chomhair méideanna is iníoctha ag an Aire faoin Acht seo nó dá bhua a airleacan as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.

Ráthaíochtaí ón Aire do leanúint i bhfeidhm.

**7.**—Ní dhéanfaidh aisghairm alt 9 den Acht um Ghabháltais Chruach na hÉireann Teoranta, 1960 difear do chearta Bhanc ACC cpt nó do chearta an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach ar scór ráthaíochtaí arna dtabhairt ag an Aire faoin alt sin.

Caiteachais an Aire.

**8.**—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Achtacháin a aisghairm.

**9.**—(1) Aisghairtear leis seo na hachtacháin a luaitear sa *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

Gearrtheideal.

**10.**—Féadfar an tAcht um Chruach na hÉireann Teoranta, 1996 a ghairm den Acht seo.

*Alt 9.*

## AN SCEIDEAL

### ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

| Uimhir agus Bliain | Gearrtheideal |
|---|---|
| Uimh. 32 de 1960 | An tAcht um Ghabháltais Chruach na hÉireann Teoranta, 1960. |
| Uimh. 11 de 1963 | An tAcht um Ghabháltais Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1963. |
| Uimh. 4 de 1971 | An tAcht um Ghabháltais Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1971. |
| Uimh. 13 de 1979 | An tAcht um Ghabháltais Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1979. |
| Uimh. 13 de 1982 | An tAcht um Ghabháltais Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1982. |
| Uimh. 17 de 1983 | An tAcht um Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1983. |
| Uimh. 14 de 1984 | An tAcht um Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1984. |
| Uimh. 22 de 1985 | An tAcht um Chruach na hÉireann Teoranta (Leasú), 1985. |

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. 108182. 42. 9/22. Essentra. (93936). Gr.30-15.

9 781399 304054